"Sármhaitheas trí Cheannaireacht agus Bhainistíocht Chomhoibritheach"

Cur-síos ar an Scéim

Réamhrá

Is cuspóir shonraithe an Phlean Ghníomhaíochta don Oideachas 2018 é an tOideachas agus an Oiliúint is fearr san Eoraip a dhéanamh d'Oideachas agus Oiliúint na hÉireann faoi 2016. Ar phríomhchuspóirí le haghaidh 2018 áirítear cumas ceannaireachta a thógáil agus tionscnaimh chun nuáil agus sármhaitheas i scoileanna a mhéadú agus a chur chun cinn. Glactar leis go bhfuil dúshláin nach beag roimh fhoirne ceannaireachta agus bainistíochta i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna de bharr na n-athruithe atá ag teacht ar thírdhreach an oideachais. Mar thoradh ar beartais nua a thabhairt isteach i réimsí ar nós Foghlama Digití, ar leathnú an bheartais um Litearthacht agus Uimhearthacht, ar FMS agus DEIS a fhí isteach tá gá le cuir chuige níos nuálaí níos freagrúla i leith ceannaireacht agus bainistíocht oideachais ag leibhéal na scoile. Is é an chuspóir bhunúsach atá le ceannaireacht agus bainistíocht oideachais ná foghlaim a chur chun cinn i scoláirí agus i múinteoirí araon. D'fhonn sin a dhéanamh go héifeachtach ní mór do scoileanna a bheith ina n-eagraíochtaí foghlama gairmiúla atá oilte in athrú a bhainistiú agus i bheith i gceannas air.

De bharr na oibre éifeachtaí a dhéanann CSL (Lárionad Ceannaireachta Scoile), JCT (An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí) agus PDST (An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí) tá tacaíocht mhaith ag ceannairí faoi oiliúint agus ag ceannairí atá i mbun seirbhíse maidir lena gcuid forbartha gairmiúla taobh le leanúntas a ngairmréimeanna. Le leagan amach an chreata cheannaireachta agus bainistíochta i scoileanna de réir na forála in Imlitreacha 63/17 agus 03/18 agus agus an foilseachán Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016tugtar struchtúr agus spreagadh do scoileanna freagairt dá gcuid riachtanas ar leith ar shlí straitéiseach chruthaitheach.

De réir fís na Roinne arb í nuáil a spreagadh agus sármhaitheas i gceannaireacht a chur chun cinn tugann an Roinn cuireadh do scoileanna anois a bheith rannpháirteach i scéim phíolótach a bhfuil mar chuspóir aici tacú le tionscadail a ngabhann cuir chuige nuálacha i leith ceannaireacht agus bainistíocht scoile leo. Tá an scéim phíolótach ceaptha chun éascaíocht a dhéanamh do scoileanna maidir le leas a bhaint as ceannaireacht, cumas bainistíochta agus comhoibriú, agus iad seo a bharrfheabhsú ag gach leibhéal d'fhonn:

- Feabhas a chur ar eispéiris foghlama agus ar thorthaí foghlama scoláirí agus daltaí
- Pleanáil scoile a threisiú
- Tionchar na ceannaireachta éifeachtaí ar chleachtais theagaisc agus chleachtais mheasúnachta a threisiú
- Cumas ceannaireachta foirne a thógáil i scoileanna

- A chur ar chumas scoileanna a dul i dteagmháil leis an bpobal scoile trí smaointe a mhalartú, eispéiris a roinnt agus trí chleachtas nuálach, agus trí comhpháirtíochtaí seachtracha a chothú

Sa scéim cuimseofar clár náisiúnta tionscadal a bhíonn ag oibriú ag an leibhéil áitiúil. Le gach tionscadal déanfar cuir chuige i leith ceannaireacht agus bainistíocht scoile a chíoradh a thabharfaidh rannpháirt d'fhoirne ceannaireacht scoile i scoileanna rannpháirteacha agus a chumasóidh iad. Dá bhrí sin tabharfar cuireadh do scoileanna baint a bheith acu le braislí nuálacha ag a mbeidh fís chomhroinnte i dtaobh feabhsú scoile. Chun críche an togra seo sainmhínítear braisle mar chnuasach ina bhfuil **idir trí agus sé scoil** a bheidh ag comhoibriú ar dhearadh, ar sheachadadh, ar mheasúnú agus ar scaipeadh torthaí na dtionscadal nuálach seo.

Tabharfar an scéim isteach ar bhonn píolótach ar dtús. Beidh an scéim phíolótach, céim na n-iarratas san áireamh, ar siúl ó mhí na Samhna/mí na Nollag 2018 ar aghaidh agus beifear ag díriú ar phleanáil agus cur i ngníomh na dtionscadal ó mhí Feabhra 2019 ar aghaidh. Beidh an chéim phíolótach ar siúl go mí Mheithimh 2020.

Beidh an scéim phíolótach faoi réir measúnaithe sheachtraigh. Chuige seo beidh gá le rannpháirtíocht ghníomhach gach ball braisle. Beidh an measúnú ar siúl ar feadh tréimhse an tionscadail agus beifear ag súil le tuairisc faoi mhí Iúil 2020.

Cad is braisle ann?

Bíonn idir trí agus sé scoil i mbraisle de ghnáth. Bíonn siad ag comhoibriú ar dhearadh, ar chur i ngníomh agus ar scaipeadh tionscadail nuálaigh faoin scéim. Déanfar tacaíocht do na bhraislí a chomhordu go háitiúil trí líonra na nIonad Oideachais.

Is féidir le bunscoileanna amháin, iarbhunscoileanna amháin nó meascán de bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna a bheith sna braislí. Agus na braislí atá le bheith rannpháirteach sa scéim á roghnú féachfaidh an Roinn le hionadaíocht a thabhairt do gach ceann den trí chomhdhéanamh sa scéim phíolótach. De bhreis air seo tabharfar tosaíocht do bhraislí is iarrthóir a bhfuil scoil DEIS amháin ar a laghad iontu.

Ba chóir do gach braisle scoil cheannais a ainmniú. Cuirfidh an scoil cheannais comhordaitheoir braisle ar fáil; beidh sé/sí siúd freagrach as oibriú laethúil an tionscadail agus feidhmeoidh sé/sí mar phointe teagmhála aonair don Ionad Oideachais.

Is féidir braislí a dhéanamh de scoileanna ó líonraí atá ann cheana féin nó d'fhéadfaí iad a chruthú trí líonraí nua a chur ar bhun. D'fhéadfaí oibriú na braisle a fheabhsú trí chomhoibriú

le hinstitiúid tríú leibhéil agus/nó leis an tionscal. Tá sé i gceist na naisc seo a éascú trí líonra na nIonad Oideachais.

Cad is tionscadal ann?

Tá fonn mór ar an Roinn rudaí nua a fhoghlaim ón tionscadal. Chuige seo táthar ag súil go dtuairisceoidh na scoileanna rannpháirteacha don Roinn go rialta faoin dul chun cinn a dhéantar tríd an bpróiseas Féinmheastóireachta a úsáid. Tá an Roinn ag súil le heolas a fháil faoi chuir chuige nuálacha a ghlacann braislí leo chun cuid díobh seo a leanas nó iad go léir a léiriú:

- Comhoibriú laistigh den scoil agus idir scoileanna atá ag díriú ar ceannaireacht dháilte a fheabhsú sna scoileanna rannpháirteacha
- Tionchar ceannaireachta éifeachtaí ar theagasc. ar fhoghlaim agus ar mheasúnacht sna scoileanna rannpháirteacha
- Baint na bhfoghlaimeoirí i scoileanna rannpháirteacha agus fianaise ar an tionchar a imríonn a rannpháirtíocht ar a gcuid foghlama - go háirithe conas mar a athraíonn eispéireas an fhoghlaimeora mar thoradh ar rannpháirtíocht a scoile sa tionscadal
- Comhoibriú éifeachtach idir scoileanna rannpháirteacha
- Torthaí sainithe
- Conas mar is féidir úsáid a bhaint as torthaí na dtionscadal sa chóras i gcoitinne

Is féidir le topaicí tionscadail tabhairt faoi na rudaí seo a leanas ach ní dóibh seo amháin:

- Ceannaireacht agus bainistíocht éifeachtach ar athruithe curaclaim (m. sh. Polaitíocht agus an tSochaí, Curaclam na bPríomhtheangacha, Creatlach na Sraithe Sóisearaí, athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach srl.)
- Ceannaireacht agus bainistíocht éifeachtach chun go mbeidh d'acmhainn ag príomh-thionscnaimh beartais tionchar a imirt ar fhoghlaim i scoileanna (m. sh. *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016,* an Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais 2018 – 2023, Féinmheastóireacht Scoile, Litearthacht agus Uimhearthacht, STEM, an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020, DEIS srl.)

D'fhonn pleanáil agus cur i ngníomh tionscadail a fheabhsú tá sé i gceist na nithe seo a leanas a chuimsiú sna tionscadail:

- Comhoibriú idir scoileanna agus an earnáil tríú leibhéil
- Comhoibriú idir scoileanna agus an tionscal/an earnáil ghnó
- Teagmháil laistigh de phobal na scoile agus idir pobail scoile

Ba mhaith an rud é dá mbeadh scoileanna atá sa bhraisle céanna ag aithint agus ag comhaontú saincheisteanna le chéile a dtabharfaí fúthu agus a ndéanfaí obair orthu le linn saolré an tionscadail, d'fhonn réitigh a fhorbairt agus a chur i ngníomh.

An Próiseas Iarratais

Ba chóir do scoileanna braislí a dhéanamh (ó shocruithe braisle a bhí ann roimhe seo nó atá ann faoi láthair nó trí bhraislí nua a dhéanamh) agus cur-síos garbh táscach ar Thionscadal a bheith forbartha acu.

Roimh dháta dúnta d'iarratais reáchtálfar seimineáir eolais sna hIonaid Oideachais chun cúnamh a thabhairt maidir le ceisteanna ar bith atá ag scoileanna faoin scéim.

Iarratais ó bhraislí:

Ba chóir do scoileanna teacht le chéile chun obair ar thionscadal atá comhaontaithe acu. Ba chóir scoil cheannais, comhordaitheoir a ainmniú agus ionadaithe ó scoileanna ballraíochta a shainaithint. **Ba chóir don scoil cheannais/scoil a dhéanann comhordú na braisle iarratas amháin a chomhlánú agus ba chóir é seo a chomhaontú le gach scoil atá rannpháirteach sa bhraisle.**

Ba chóir don mbraisle Cur-síos agus Plean garbh ar an Tionscadal a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais ar líne:

Ba chóir iad seo a leanas a bheith sa Chur-síos garbh agus Plean an Tionscadail:

- Achoimre ghairid ar an tionscadal
- Cúiseanna go dtugtar faoin tionscadal
- Tionchar beartaithe an tionscadail ar cheannaireacht an teagaisc, na foghlama agus na measúnachta, go háirithe sa mhéid a bhaineann sé le heispéiris agus torthaí an fhoghlaimeora
- Modheolaíocht an tionscadail (conas mar a tá sé i gceist ag an mbraisle an tionscadal a chur i ngníomh)
- Sceideal beartaithe don tionscadal. Ba chóir dul chun cinn agus nithe atá le seachadadh i ngach bliain a bheith ann mar aon le dátaí garspriocanna, torthaí agus mionsonraí na monatóireachta leanúnaí
- Plean cumarsáide tionscadail - mioneolas a thabhairt conas a dhéanfar an comhoibriú a éascú agus a bhainistiú (trí Ionad Oideachais, mar shampla)
- Róil agus freagrachtaí gach scoil bhallraíochta

- Torthaí sainithe lena n-áirítear conas mar a chuirfear na torthaí sin in iúl agus conas mar a scaipfear iad (m.sh. físeáin bharrchleachtais, acmhainní a chur ar fáil ar líne, líonraí proifisiúnta, srl.)
- Samhail bheartaithe measúnaithe agus measúnachta don tionscadal lena linn (monatóireacht) agus nuair a bhíonn sé críochnaithe
- Ábharthacht agus úsáid is dócha a bheidh ag baint leis
- Eolas ábhartha eile lena n-áirítear naisc ar bith eile le hinstitiúid tríú leibhéil, ionad oideachais áitiúil, tionscal áitiúil, tionscadail a bhí ann roimhe seo/atá ar siúl faoi láthair, srl.

Próiseas Roghnúcháin

Chun críocha na scéime seo tá sampláil bhreithiúnais scoileanna á lorg ag an Roinn. Is í príomhaidhm na scéime úsáid nuálach bainistíochta éifeachtaí i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnacht, cleachtas comhoibritheach agus a dtionchar ar eispéireas an fhoghlaimeora a thaispeáint.

Agus na braislí á roghnú bheadh d'aidhm ag an Roinn ionadaíocht orthu seo a leanas a fháil;

- Cumraíochtaí Bunscoile, Iarbhunscoile agus tras-earnála
- Ceannaireacht agus bainistíocht éifeachtach ar athruithe curaclaim (m. sh. Polaitíocht agus an tSochaí, Curaclam Teanga na Bunscoile, Creatlach na Sraithe Sóisearaí, athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach srl.) chun torthaí níos fearr d'fhoghlaimeoirí a chinntiú
- Ceannaireacht agus bainistíocht éifeachtach chun go mbeidh d'acmhainn ag príomh-thionscnaimh beartais tionchar a imirt ar fhoghlaim i scoileanna (m. sh. Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016, an Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais 2018 – 2023, Féinmheastóireacht Scoile, Litearthacht agus Uimhearthacht, STEM, an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020, DEIS srl.)

Tabhair ar Aird: Tá sé i gceist tús áite a thabhairt d'iarratais ó bhraislí ina bhfuil scoil DEIS amháin ar a laghad.

Tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do bhraislí

Is féidir le braislí a roghnaítear a bheith ag súil le tacaíocht ar an n-áirítear iad seo a leanas:

- Seimineár oscailte/imeacht oiliúna lena n-áireofar ionchuir faoi bhainistíocht tionscadail agus pleanáil chomhoibritheach éascaithe
- Rochtain leanúnach ar éascaitheoir tionscadail atá ceaptha ag CSL
- Teacht ar sheirbhísí tacaíochta na ROS chun tacú le sainriachtanais na braisle
- Tacaíocht ón tríú leibhéal agus ón tionscal/earnáil ghnó arna héascú ag an Ionad Oideachais Áitiúil

Lena chois sin beidh Ionaid Oideachais mar óstaigh do chruinnithe más gá agus éascóidh siad imeachtaí réigiúnacha chun torthaí a scaipeadh d'fhonn an fhoghlaim ón scéim phíolótach go deireadh na céime píolótaí a thaispeáint.

Lena chois sin ba chóir do scoileanna féachaint ar Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 agus ar Imlitreacha 63/2017 agus 03/2018. Ba chóir do scoileanna aird chuí a thabhairt do phróiseas féinmheastóireachta na scoile féin agus plean an tionscadail á cheapadh acu.

Am

- Táthar ag súil go dtógfaidh sé uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar an gcomhordaitheoir braisle riarachán a dhéanamh ar an tionscadal. Is ionann sin agus tuairim is 10 lá/60 uair thar saolré an tionscadail - braithfidh an leithdháileadh ama ar leith ar riachtanais na braisle
- Leithdháilfear lá amháin in aghaidh na míosa ar phríomhoidí teagaisc bunscoile a fheidhmíonn mar chomhordaitheoirí;
- Reáchtálfar cruinnithe braisle lasmuigh den am scoile
- Meastar go mbeidh an seimineár oscailte/imeacht oiliúna ar siúl Satharn éigin go luath in 2019

Sceideal beartaithe don Scéim

Tréimhse iarratais	Samhain/Nollaig 2018
Seisiúin Faisnéise:	12 go 20 Samhain 2018
Dáta Dúnta chun iarratais a fháil:	19 Nollaig 2018
Roghnú na mbraislí:	Nollaig 2018
Fógrófar na Braislí rannpháirteacha:	Eanáir 2019

Imeacht oscailte:	Feabhra 2019
Pleanáil agus cur i ngníomh tionscadail:	Feabhra 2019 go Meitheamh 2020
Measúnú Seachtrach	Ar siúl ó Fheabhra 2019
Imeachtaí taispeántais réigiúnacha:	Aibreán/Bealtaine 2020

Naisc chuig doiciméadú tacaíochta:

Foirm Iarratais: (nasc le cur isteach anseo)

Cur-síos ar an scéim: (nasc le cur isteach anseo)

Ról an Chomhordaitheoir Braisle: (nasc le cur isteach anseo)

Ról an Éascaitheora: (nasc le cur isteach anseo)

Ról an Ionad Oideachais: (nasc le cur isteach anseo)

Ag breathnú ar ár Scoileanna: https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairisc%C3%AD-Cigireachta-Foilseacháin/Tuarascálacha-Treoirl%C3%ADnte-Meastóireachta/Ag-Breathnu-ar-an-Scoil-Againne-2016-Creat-Cailiochta-d'Iar-Bhunscoileanna.pdf

Imlitir 63/17: https://www.education.ie/ga/Circláin-agus-Foirmeacha/Circláin-Gn%C3%ADomhacha/cl0063_2017_ir.pdf

Circular 03/18: https://www.education.ie/ga/Circláin-agus-Foirmeacha/Circláin-Gn%C3%ADomhacha/cl0003_2018_ir.pdf

Liosta Acrainmneacha

CSL - Lárionad Ceannaireachta Scoile

DES (ROS) - An Roinn Oideachais agus Scileanna

DEIS - Comhionannas Deise a Sheachadadh i Scoileanna

JCT - An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

PDST - An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

STEM - Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic